



**AN BUNÚS ATÁ LE
COSAINT SONRAÍ**

**Ceisteanna a Chuirtear go Minic maidir leis
an mBunús atá le Cosaint Sonraí**

AN BUNÚS ATÁ LE COSAINT SONRAÍ

Cén uair a bhíonn feidhm leis an dlí maidir le cosaint sonraí agus céard atá á clúdach aige?

- Clúdaítear formhór na gcásanna ina bhfuil úsáid á baint as faisnéis a bhaineann le duine éigin (**'sonraí pearsanta'** de chuid **'ábhair sonraí'**) ar bhealach éigin (**'á próiseáil'**) ag duine éigin eile nó ag eagraíocht (an **'rialaitheoir'**), seachas go díreach i gcomhthéacs pearsanta sa dlí um chosaint sonraí.
- Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí (**DPC**) freagrach as sraitheanna difriúla dlíthe a rialáil, a chlúdaíonn bealaí agus imthosca difriúla inar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil. Leagtar na dlíthe seo amach thíos agus ar [láithreán gréasáin an DPC](#).
- Is é an **'Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí'** (**GDPR**) an dlí a bhaineann le formhór na gcineálacha próiseála ar shonraí pearsanta agus baineann sé go díreach le hÉirinn (agus leis an AE go léir), mar aon le rialacha náisiúnta breise atá leagtha amach in **Acht um Chosaint Sonraí 2018** na hÉireann.
- *Ní bhaineann* an GDPR, áfach, leis an bpróiseáil a dhéanann duine aonair ar shonraí pearsanta ar mhaithe le gníomhaíochtaí **'pearsanta nó teaghlaigh amháin'**, agus nach bhfuil aon cheangal acu le gníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála. Aithnítear é seo uaireanta mar 'dhíolúine pearsanta/teaghlaigh/baile'. D'fhéadfadh sé seo gníomhaíochtaí mar comhfhreagras, leabhar seoltaí nó líonrú sóisialta áirithe a chlúdach, agus gur gníomhaíochtaí pearsanta amháin atá i gceist. Bheadh baint ag an GDPR fós le rialaitheoirí a phróiseálann sonraí pearsanta leis na gníomhaíochtaí seo a éascú (ar nós líonra sóisialta).
- Sa chás go mbíonn próiseáil ar siúl ar mhaithe le críocha forfheidhmithe dlí (ar nós coir a chosc nó a bhrath) níl feidhm leis an GDPR, agus ina áit sin clúdaíonn an **'Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí'** (**LED**) na cásanna seo, agus tá na rialacha ina leith sin le fáil go príomha i [gCuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018](#) (ina bhfeidhmítear an LED i ndlí na hÉireann).
- Is ionann **'Rialacháin e-Phríobháideachais'** na hÉireann (I.R. Uimh. 336/2011, a d'fheidhmigh 'Treoir e-Phríobháideachais' an AE) agus sraith bhreise rialacha a bhaineann le cineálacha áirithe próiseála, lena n-áirítear, **margaíocht dhíreach leictreonach** agus **fianáin**, agus tá feidhm ag na rialacha seo chomh maith leis na rialacha atá le fáil san Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus sa GDPR.
- Leagtar amach [oibleagáidí éagsúla ar rialaitheoirí sonraí](#) agus [cearta ábhar sonraí](#) sna dlíthe seo, tá cur síos déanta ar roinnt acu seo thíos. Leagtar amach iontu freisin cumhachtaí agus freagrachtaí an DPC. Má tá údar imní agat nár lean rialaitheoir an dlí nó nár sheas sé/sí le do chuid cearta, ba chóir go gcuideodh an treoir thíos leat **(a)**

iarraidh a dhéanamh ar rialaitheoir, nó **(b) gearán** a dhéanamh leis an DPC, mura gcloíonn siad le d'iarraidh nó lena gcuid oibleagáidí faoin dlí cosanta sonraí.

Cad atá i gceist le ‘sonraí pearsanta’ agus cathain a ndéantar ‘próiseáil’ orthu?

- Go bunúsach, ciallaíonn sonraí pearsanta aon eolas maidir le **duine beo**, ónar féidir an duine sin a **aithint nó óna bhféadfaí é/í a aithint**. Is féidir le sonraí pearsanta cineálacha éagsúla faisnéise a chlúdach, mar ainm, dáta breithe, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, seoladh, tréithe fisiciúla nó sonraí suímh – tráth a mbíonn sé soiléir cé leis a mbaineann an fhaisnéis sin, nó go bhfuil sé réasúnta éasca é sin a fháil amach.
- Ní gá go mbeidh sonraí pearsanta i **bhfoirm scríofa**, d’fhéadfadh sé gur faisnéis a bheidh ann maidir le cé leis is cosúil an duine, mar shampla, **grianghraf**, taifid **fuaim** nó **físeáin**, ach níl feidhm leis an dlí cosanta sonraí ach amháin nuair a phróiseáiltear an fhaisnéis sin ar **‘bhealaí uathoibríthe’** (go leictreonach mar shampla) nó mar chuid de **chóras comhdúcháin** de chineál eile.
- D’fhéadfadh sé gur faisnéis a bheadh sna sonraí pearsanta nuair a **aithnítear** an t-ábhar sonraí – *“Is dath gorm is fearr le Seán”* – nó nuair atá siad **‘inaitheanta’** – *“Is dath gorm is fearr le deirfiúr Sheáin”* (nuair nach bhfuil aithne agat ar a dheirfiúr, ach go bhféadfaí é sin a fháil amach trí úsáid a bhaint as an gcomhthéacs agus/nó as faisnéis bhreise).
- Fiú sa chás go bhfuil cuid den fhaisnéis phearsanta anaithnid, nó **‘ina ainm bréige’**, ach go bhféadfaí é seo a aisiompú agus go bhféadfadh sé a bheith indéanta an t-ábhar sonraí a aithint agus úsáid á baint as an fhaisnéis bhreise, **ba chóir a mheas i gcónaí gur sonraí pearsanta atá i gceist**. Mar sin féin, sa chás go bhfuil an fhaisnéis anaithnid i ndáiríre, do-aisiompaithe, ní mheastar gur sonraí pearsanta atá i gceist.
- Chun cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil duine ‘inaitheanta’, go háirithe sa chás gur ainm bréige an fhaisnéis maidir leis an duine, ní mór na **modhanna agus an fhaisnéis go léir a d’fhéadfadh** an rialaitheoir nó duine eile a úsáid chun duine éigin a **aithint**, go díreach nó go hindíreach, a bhreithniú.
- Tá cineálacha áirithe sonraí pearsanta íogair, a dtugtar **‘catagóirí speisialta’** orthu faoi réir chosaint bhreise faoin GDPR, agus go ginearálta tá toirmeasc ar phróiseáil na sonraí seo, ach amháin nuair a fhreastalaítear ar cheanglais shonracha (ar nós toiliú follasach a bheith ar fáil), mar a leagtar amach go mion in **Airteagal 9 den GDPR**. Is iad na catagóirí speisialta: sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht I gceardchumann; sonraí géiniteacha; sonraí bithmhéadracha a phróiseáiltear chun duine a shainaithint go huathúil; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; agus sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine.

- Rialaíonn an dlí cosanta sonraí cásanna ina ndéantar sonraí pearsanta a **'phróiseáil'**. Go bunúsach, ciallaíonn próiseáil, **úsáid a bhaint as sonraí pearsanta ar bhealach ar bith**, lena n-áirítear; bailiú, stóráil, aisghabháil, nochtadh nó na sonraí a roinnt le duine éigin eile, sonraí pearsanta a scriosadh nó dhíothú. Cé, mar a luaitear thuas, nach bhfuil feidhm leis an dlí cosanta sonraí nuair a dhéantar é seo ar mhaithe le gníomhaíochtaí pearsanta nó teaghlaigh amháin.

Cad is 'rialaitheoir' sonraí ann agus cad iad na hoibleagáidí atá orthu?

- Tagraíonn '**rialaitheoir**' do dhuine, cuideachta nó comhlacht eile a dhéanann **cinneadh maidir leis an gcaoi agus leis an údar** le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí. Sa chás go ndéanann beirt nó níos mó nó eintiteas cinneadh maidir leis an gcaoi agus leis an údar le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, d'fhéadfadh sé gur '**comhrialaitheoirí**' atá iontu, agus bheadh an **fhreagracht** maidir le hoibleagáidí próiseála sonraí á **chomhroinnt** acu araon.
- Tagraíonn '**próiseálaí**' do dhuine, cuideachta nó comhlacht eile a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta **thar ceann rialaitheora**. Ní dhéanann siad cinneadh maidir leis an gcaoi ná leis an údar a ndéantar an phróiseáil, ach tugann siad faoin bpróiseáil ar orduithe rialaitheora.
- [Mar a luaitear thuas](#), má dhéanann duine (ach ní comhlacht ná cuideachta eile) cinneadh maidir leis an gcaoi agus leis an údar a ndéanfaí próiseáil ar shonraí pearsanta, agus/nó na sonraí sin a phróiseáil, ach nach ndéanann siad é sin ach amháin i **gcáil phearsanta nó teaghlach**, ní bheidh siad faoi réir ag oibleagáidí rialaitheoirí faoin GDPR nó faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.
- Maidir le próiseáil **chun críocha forfheidhmithe dlí**, níl feidhm leis na rialacha sonracha san LED agus i gCuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 i leith na próiseála sa chás gurb é/í an rialaitheoir an '**t-údarás inniúil**'. Sainmhínítear é seo mar **údarás poiblí** atá 'inniúil' chun críocha forfheidhmithe dlí (ar nós an Garda Síochána nó na Coimisinéirí Ioncaim), nó **aon comhlacht eile atá údaraithe de réir dlí** chun tabhairt faoi chleachtas údarás poiblí agus faoi chumhachtaí chun críocha forfheidhmithe dlí.
- Tá **raon oibleagáidí** ar rialaitheoirí faoin dlí cosanta sonraí, agus ní mór dóibh, go háirithe na **prionsabail um chosaint sonraí** a chomhlíonadh, mar a luaitear in **Airteagal 5 den GDPR**, ag cinntiú go bhfuil sonraí pearsanta: á bpróiseáil de réir dlí, go cothrom agus go trédhearcach; á bpróiseáil chun críocha sonracha; teoranta go dtí an méid atá riachtanach; coinnithe cruinn agus cothrom le dáta; nach bhfuil siad stóráilte achar níos faide ná an t-achar atá riachtanach; agus cosaint acu ó phróiseáil nach bhfuil údaraithe nó atá in aghaidh an dlí, cailliúint trí thimpiste, scriosadh, nó damáiste. Ní mór do rialaitheoirí **comhlíonadh** an phrionsabail seo a **léiriú**, faoi na prionsabail chuntasachta.
- Ba chóir do rialaitheoirí, faoi phrionsabal na **trédhearcachta, faisnéis áirithe a sholáthar** do na daoine is ábhar do na sonraí nuair a bhailíonn siad sonraí pearsanta uathu, ar nós: céannacht an rialaitheora; mionsonraí teagmhála an rialaitheora agus (má tá a leithéid acu) an 't-oifigeach cosanta sonraí' (DPO) atá acu; na críocha agus an

'bunús dlí' atá leis an bpróiseáil'; cé leis a roinnfear na sonraí; cé chomh fada is a stórálfar na sonraí; agus na cearta éagsúla atá ag an ábhar sonraí.

- Má theastaíonn uait úsáid a bhaint as aon cheann de na cearta atá agat mar ábhar sonraí, is í an chéad chéim an **rialaitheoir sonraí** atá i gceist a aithint, agus ansin **d'iarratas mar ábhar sonraí** a chur faoina mbráid (tá tuilleadh faisnéise maidir le cearta ábhar sonraí agus maidir le hiarratais le fáil thíos). Mura bhfaigheann tú freagra uathu nó mura dtugann siad cead duit do chuid cearta a úsáid, nó má tá tú den tuairim go bhfuil aon sárú á dhéanamh ar an dlí cosanta sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an DPC.

Cad atá i gceist leis an ‘mbunús dlí’ le sonraí a phróiseáil?

- Ciallaíonn ‘bunús dlí’, i dtéarmaí cosanta sonraí (á dtagraítear dó freisin mar ‘bhunús’ dleathach’ nó mar ‘chúis dhleathach’) an **bunús dlí** le sonraí pearsanta a **phróiseáil**. Tá bunús dlí atá bailí riachtanach i ngach cás má tá próiseáil le déanamh go dleathach ar shonraí pearsanta ábhair sonraí ag teacht leis an dlí cosanta sonraí.
- Faoin GDPR, tá **sé bhunús dlí féideartha** ann le sonraí pearsanta a phróiseáil, le fáil in Airteagal 6, eadhon: toiliú; riachtanas ó thaobh conartha; comhlíonadh le hoibleagáid dlí; leasanna ríthábhachtacha a chosaint; cúram oifigiúil nó poiblí a chur i gcrích; agus leasanna dlisteanacha (sa chás nach sáraíonn an leas na leasanna atá ag an ábhar sonraí).
- Níl aon **ordlathas nó an rogha is fearr** laistigh den liosta seo, ach ina áit sin ba chóir an phróiseáil go léir a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith bunaithe ar an **mbunús dlí is cuí** in imthosca sonracha na próiseála sin. Ba chóir go mbeadh rialaitheoirí ar an eolas go bhféadfadh bunús dlí éagsúil a bheith ann i leith cineálacha difriúla próiseála na sonraí pearsanta céanna.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach **‘toiliú’**, cé gur air is fearr atá aithne, an t-aon bhunús dlí atá ann i leith próiseála sonraí pearsanta – nó fiú an ceann is cuí i go leor cásanna. Sa chás toiliú a bheith á úsáid, tá líon **ceanglas speisialta** ann le go gcuirfeadh sé bunús dlí bailí ar fáil don phróiseáil; ní mór go mbeidh sé sonrach, eolach agus curtha ar fáil go soiléir agus tugtha go neamhshrianta. Ní mór go mbeidh sé **indéanta** i gcónaí an toiliú a **tharraingt siar** tar éis an toilithe a bheith tugtha; nuair a tharraingítear siar é, ní féidir aon phróiseáil eile a dhéanamh ar shonraí pearsanta ar bhonn toilithe.
- [Mar a luaitear thuas](#), faoin GDPR, níor chóir próiseáil a dhéanamh ar **chatagóirí speisialta** sonraí pearsanta ach amháin in **imthosca teoranta**. Tá bunús dlí faoi Airteagal 6 den GDPR riachtanach do phróiseáil den sórt sin, chomh maith le freastal ar cheann de na heisceachtaí in Airteagal 9 (ar nós toiliú follasach nó cosaint leasanna ríthábhachtacha) a thugann cead próiseáil a dhéanamh ar shonraí den sórt sin.
- Tá sé mar **fhreagracht ar gach rialaitheoir** an bunús dlí a bhfuil siad ag brath air a aithint do gach cineál próiseála sonraí pearsanta a bhfuil siad rannpháirteach ann. Ba chóir an fhaisnéis seo a **chur ar fáil d’ábhair sonraí**, mar chuid de phrionsabal na trédhearcachta agus ba chóir go mbeidh ar chumas rialaitheoirí an bunús dlí a bhfuil siad ag brath air a aithint i gcónaí ó thaobh próiseála **má iarrann ábhar sonraí nó an DPC a leithéid**.
- Maidir le rialaitheoirí atá ag próiseáil sonraí pearsanta **chun críocha forfheidhmithe dlí** faoin LED, ní mór go mbeidh **toiliú** an duine is ábhar do na sonraí acu **nó** go bhfuil an phróiseáil **riachtanach chun a gcuid feidhmeanna** a fheidhmiú lena bheith mar

bhonn cirt acu do phróiseáil den sórt chun na críche 'cosc, imscrúdú, brath nó ionchúiseamh cionta coiriúla, lena n-áirítear, cosaint a thabhairt in aghaidh, agus cosc a chur ar bhagairtí ó thaobh shlándáil phoiblí', nó 'chun pionóis choiriúla a chur i bhfeidhm'.

Cad iad na cearta atá ag ábhair sonraí agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm?

- Tá **líon cearta sonracha** ag daoine aonair faoin dlí cosanta sonraí chun iad a choinneáil ar an eolas agus chun smacht a bheith acu ar phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá na cinn is coitianta de na cearta seo a fheidhmítear ar na cinn atá ar fáil faoin GDPR (in Airteagail 12-22 agus 34).
- Áirítear ar **chearta na n-ábhar sonraí** faoin **GDPR**: an ceart a bheith ar an eolas má tá do chuid sonraí á bpróiseáil agus cén chúis atá leis; ceart rochtana agus an ceart cóip a fháil de na sonraí; an ceart go gcuirfí do chuid sonraí i gceart nó go gcuirfí leis na sonraí má tá siad míchruinn nó easnamhach; an ceart do chuid sonraí a scrios nó a ghlanadh; an ceart srianadh nó teorainn a chur leis an mbealach ina bhfuil úsáid á bhaint as do chuid sonraí; an ceart chun iniomparthacht sonraí; an ceart gan a bheith faoi réir ag cinntí uathoibríocha gan rannpháirtíocht dhaonna, sa chás go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a leithéid ort.
- Ní mór go mbeidh **an fhaisnéis a chuirtear ar fáil** d'ábhair sonraí nuair a fheidhmítear na cearta seo, a bheith **trédhearcach, sothuigte agus éasca le teacht orthu**, agus úsáid á baint as teanga atá soiléir agus simplí. Ba chóir an fhaisnéis a chur ar fáil i scríbhinn, nó ar bhealaí eile, lena n-áirítear, sa chás gur cuí, go leictreonach. Nuair a éilíonn an t-ábhar sonraí, is féidir an fhaisnéis a chur ar fáil ó bhéal, chomh fada is go bhfuil céannacht an ábhair sonraí soiléir nó gur féidir an chéannacht a chruthú.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach bhfuil na cearta seo iomlán, agus go bhfuil siad faoi réir ag **teorainneacha** agus ag **srianta**. Baineann cearta áirithe le gníomhaíochtaí próiseála, ar nós ceart chuig faisnéis nó rochtain ar shonraí pearsanta, cé nach bhfuil feidhm le cearta eile ach amháin in imthosca áirithe, ar nós na gceart chun sonraí a ghlanadh, a shrianadh, iniomparthacht agus agóid. Leagtar síos sa GDPR agus san Acht um Chosaint Sonraí 2018 srianta agus teorainneacha maidir leis na cearta sin.
- Sa chás go ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta chun críocha forfheidhmithe dlí faoin **LED**, tá **cearta den chineál céanna** ag ábhair sonraí, agus tá siad seo le fáil in Ailt 89-95 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, atá faoi réir ag raon srianta. Áirítear ar na cearta sin, an ceart chun faisnéise, an ceart chun rochtana, an ceart chun ceartú nó scriosta agus srianta.
- Le ceann ar bith de na cearta seo maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú, ba chóir d'ábhair sonraí **iarratas ó ábhar sonraí a chur faoi bhráid an rialaitheora sonraí** ar an gcéad dul síos. Mura bhfreagraíonn an rialaitheoir nó mura gceadaíonn sé/sí

d'ábhar sonraí a gcuid cearta a fheidhmiú, d'fhéadfadh sé gur mhian le hábhair sonraí teagmháil a dhéanamh leis an DPC le gearán a dhéanamh.

- Is féidir faisnéis bhreise a fháil maidir le cearta éagsúla na n-ábhar sonraí, méid agus teorainneacha na gceart, agus mar is féidir na cearta a fheidhmiú, a fháil sa treoir do dhaoine aonair ar láithreán gréasáin an DPC.

Cén uair is féidir le rialaitheoir sonraí margáíocht dhíreach leictreonach a sheoladh?

- Tá **cumarsáid mhargaíochta a sheoladh ná a dhéanamh gan í a iarraidh** i gceist le margáíocht dhíreach leictreonach, lena n-áirítear, **trí ríomhphost, teachtaireacht téacs, teileafóin nó facts**, chuig faighteoir. De ghnáth, déantar an chumarsáid seo chun críocha fógraíocht a dhéanamh ar táirge nó ar sheirbhís nó chun críocha eile bolscaireachta. Tá margáíocht dhíreach leictreonach den chineál seo faoi réir ag rialacha sonracha agus leagtha amach sna Rialacháin e-Phríobháideachais (I.R. Uimh. 336/2011).
- Ní mór, faoi na Rialacháin e-Phríobháideachais, don eagraíocht nó don duine ar a bhfuil an chumarsáid margáíochta díri á déanamh thar a gceann **toiliú an fhaighteora atá i gceist a fháil roimh** de ghnáth, agus ní mór go mbeidh an faighteoir sásta cumarsáid den sórt sin a fháil – agus ní mór go mbeidh ar a **gcumas a léiriú** gur chomhaontaigh an faighteoir roimhe ré lena leithéid de chumarsáid a fháil, sula bhfaigheann sé/sí an chumarsáid. Ní mór go mbeidh an toiliú soiléir, ina ghníomh dearfach, tugtha go neamhshrianta, eolach agus glan soiléir, de réir mar a cheanglaítear faoin GDPR (oibríonn an dá dhlí i gcomhar le chéile i roinnt cásanna). Sa chás go bhfuil toiliú tugtha i leith na margáíochta, **is féidir an toiliú seo a tharraingt siar** ag am ar bith.
- Tugann an GDPR ar aird nach nglacfar le, **gan freagra a thabhairt, boscaí ina bhfuil tic roimh ré**, nó **neamhghníomhaíocht**, a bheith leordhóthanach de ghnáth ó thaobh toiliú a léiriú. Ciallaíonn sé seo nach féidir le duine atá i mbun margáíocht dhíreach, go hiondúil, mar shampla, a bheith ag brath ar nach mbainfidh an faighteoir an tic as bosca a bhfuil tic curtha ann roimh ré mar shaghas toiliú atá bailí. Ba chóir go **n-aithneodh** gach teachtaireacht dhíreach a sheoltar trí ríomhphost an **seoltóir**, nó an duine a bhfuil an teachtaireacht á seoladh thar a gceann, agus **seoladh bailí a chur ar fáil**, ionas go mbeidh ar chumas an fhaighteora a **éileamh go stopfaí** ag seoladh **teachtaireachtaí** den sórt sin.
- Tá **eisceachtaí teoranta** ábhartha ann inar féidir cumarsáid margáíochta díri leictreonach a sheoladh gan toiliú a fháil roimh ré ón fhaighteoir. Mar shampla, ní féidir le rialaitheoirí teachtaireacht margáíochta díri leictreonach a sheoladh chuig a gcuid custaiméirí **gan toiliú soiléir a bheith acu**, ach amháin más rud é, gur bhailigh siad na mionsonraí teagmhála le linn a bheith ag díol an táirge nó na seirbhíse; is táirge nó seirbhís atá ann atá cosúil leis an táirge nó an tseirbhís a díoladh i dtús báire; seoladh an chéad teachtaireacht margaidh laistigh de 12 mhí ó díoladh an táirge nó seirbhís i dtús báire; agus, níos tábhachtaí fós, tugadh **deis** don ábhar sonraí **cur i gcoinne** teachtaireachtaí margáíochta **a fháil**, ag an am ar ceannaíodh an táirge nó

an tseirbhís i dtús báire agus/nó le linn gach teachtaireacht margadóchta ina dhiaidh sin.

- Tá an **ceart chun agóide ag tráth ar bith** ag daoine aonair faoin GDPR (Airteagal 21) freisin, ó thaobh a gcuid sonraí pearsanta a bheith á n-úsáid chun críocha margadóchta dhíreach. Áirítear leis seo, ní hamháin margadóchta dhíreach leictreonach **ach margadóchta tríd an bpost agus cineálacha eile** margadóchta dírí. Má dhéantar agóid den sórt sin, ansin ní mór don eagraíocht stopadh ag úsáid a gcuid sonraí pearsanta do mhargadóchta dhíreach; áirítear anseo, na sonraí pearsanta a **scríosadh** ó aon **bhunachar margadóchta** atá acu.
- Is féidir tuilleadh faisnéise mionsonraithe a fháil ar láithreán gréasáin an DPC, maidir le [margadóchta dhíreach leictreonach](#), lena n-áirítear, an treoir atá foilsithe ag an DPC ar [bhunachar sonraí an eolaire náisiúnta \(NDD\)](#) agus [eisiúint ríomhadhmhálacha](#).

Cad iad na rialacha maidir le fianáin a úsáid ar láithreáin gréasáin?

- Is ionann fianán agus téacschomhad beag is féidir le láithreán gréasáin a chur agus a **stóráil ar ríomhaire nó ar ghaireas** a bhfuil an t-úsáideoir tar éis cuairt a thabhairt air agus is féidir leis sin freastal ar roinnt cuspóirí. Áirítear orthu sin, an láithreán gréasáin a chumasú leis an úsáideoir a aithint an chéad uair eile a dtugann an t-úsáideoir cuairt ar an láithreán agus '**cuimhneamh**' ar **ghníomhartha** nó **ar roghanna an úsáideora** thar thréimhse ama, nó is féidir sonraí a bheith sa bhfianán a bhaineann le **feidhm nó seachadadh** ar an láithreán gréasáin.
- Is féidir le **húinéir an láithreáin gréasáin**, fianáin a shocrú, nó, i roinnt cásanna, is féidir le **seirbhísí tríú páirtí** é a dhéanamh. I gcás den sórt sin, tugann úinéir an láithreáin gréasáin cead don tríú páirtí faisnéis eile a chur i láthair, **ábhar** nó **fógraíocht** a rith nó feidhmiúlacht eile a chur ar fáil ar nós anailísíocht, trína láithreán gréasáin.
- Ní mór, de ghnáth, d'úinéir an láithreáin gréasáin, nó seirbhísí tríú páirtí, cead a fháil ó úsáideoirí fianáin agus teicneolaíochtaí den chineál céanna a chur agus a úsáid ar ríomhaire nó ar ghaireas an úsáideora, mar a cheanglaítear sna Rialacháin e-Phríobháideachais (I.R. Uimh. 336/2011). **Níl toiliú** an úsáideora, áfach, **riachtanach** má tá an fianán nó teicneolaíocht eile **riachtanach go díreach chun an tseirbhís** a d'éiligh úsáideoir a chur ar fáil – mar shampla, d'fhéadfadh fianáin a bheith riachtanach le feidhmeanna riachtanacha áirithe a rith ar an láithreán gréasáin.
- Ní mór d'úinéir an láithreáin gréasáin **faisnéis** áirithe atá **éasca le teacht uirthi, soiléir agus cuimsitheach** ar chur ar fáil d'úsáideoirí maidir leis an gcineál fianán nó

teicneolaíochtaí eile den chineál céanna atá á n-úsáid acu agus an cuspóir atá acu leis an teicneolaíocht sin a úsáid.

- Is féidir [tuilleadh treorach ar úsáid fianán](#) agus teicneolaíochtaí eile den chineál céanna a fháil ar láithreán gréasáin an DPC